

Cásanna Samplacha 2015

6. Sampla de Chásanna Achomhairc

Cás 1: An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta 3 (AEOS) – Achomharc Ceadaithe ag an Oifig Achomhairc Talmhaíochta

Rinneadh iarratas ar an Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta (AEOS) in 2011 agus áiríodh leis an gníomh 'Féarthalamh ar Mhórán Speiceas' (SRG). Cuireadh an t-achomharcóir ar an eolas i Márta 2015 gur deimhníodh go raibh catagóir bhairr foráiste ag trí dháileacht a roghnaíodh don SRG ar a mbailíochtú in 2014 agus go raibh úsáid dáileachta 'bliain féir 5' acu, a chiallaíonn nárbh í 2014 ach an 5ú bliain i ndiaidh a chéile ina raibh na dáileachtaí faoi fhéar. Luadh sa litir gur léirigh na taifid, idir 2007 agus 2009, gur dearbhaíodh go raibh catagóir bhairr um úsáid arúil agus úsáid dáileachta branair ag na dáileachtaí, ach ní mór gurb ionann dáileachtaí an SRG agus dáileachtaí féir nach ndearnadh a shaothrú le 8 mbliana anuas. Thug an pionós le fios nach raibh na dáileachtaí incháilithe d'íocaíocht faoi Théarmaí agus Coinníollacha AEOS, nach n-íocfaí as na dáileachtaí in 2014 agus go gcuirfí aisghlámadh i bhfeidhm d'íocaíochtaí a rinneadh ar na dáileachtaí go dtí sin.

Ag an Éiseacht ó Bhéal, thug an Roinn chun solais, i measc na bpríomhchritéar a bhaineann le dáileachtaí an SRG ná nár saothraíodh iad le 8 mbliana anuas. Thaispeáin taifid na Roinne, idir 2007 agus 2009, go raibh trí cinn de dháileachtaí an SRG ainmnithe amhail bheith arúil agus bán, a chiallaíonn go ndearnadh iad a threabhadh agus nár baineadh úsáid astu. Mar thoradh air sin, bhí an Roinn faoin tuairim nach raibh na trí dháileacht incháilithe don SRG agus go raibh an t-airgead a íocadh le haisghabháil. Mhínigh an t-achomharcóir go bhfuair sé an mhaoín le hoidhreacht óna uncail, a fuair bás, a bhí rannpháirteach in REPS agus, sula bhfuair sé bás, bhí sé breoite agus níor thug sé faoi aon churaíocht ar feadh roinnt blianta. Ní raibh an t-achomharcóir in ann an pleanálaí a d'úsáid a uncail a athfhostú agus níor tugadh aon taifid dó. Fostaíodh pleanálaí nua a rinne na tailte a shiúl sula ndearnadh an t-iarratas ar AEOS, agus bhí sé faoin tuairim gurbh ionann an talamh agus féarach aibí. Luaigh an t-achomharcóir nár cuireadh iarratais a rinneadh roimhe seo ar an Scéim Íocaíochta Aonair ar a shúile, agus bhí an pleanálaí faoin tuairim gur cheart gur iontráladh an talamh mar fhéar, seachas bheith bán, le blianta beaga anuas. Luadh go ndearnadh cigireacht um incháilitheacht talún in 2009 agus go ndúirt an cigire gurbh ionann an talamh agus féar.

Rinne an tOifigeach Achomhairc athbhreithniú ar an bhfaisnéis go léir a soláthraíodh agus tugadh Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime agus reachtaíocht ábhartha an AE ar aird. Rinne siad breithniú ar na Sonraíochtaí don Scéim AEOS agus Natura 200 ar Fhéarthalamh ar Mhórán Speiceas, ina luaitear *'Ní mór gurb ionann iad seo agus dáileachtaí iomlána féarthalún an LPIS nach ndearnadh a shaothrú le 8 mbliana anuas.'* I ndiaidh na héisteachta ó bhéal, dheimhnigh an Roinn gurbh ionann an 'barr a aimsíodh' ar gach ceann de na dáileachtaí i rith chigireacht 2009 agus féar / féarach buan. Rinne an tOifigeach Achomhairc breithniú ar an sainmhíniú a thugtar ar fhéarach buan i dTéarmaí agus Coinníollacha SíA 2009. *'Ciallóidh 'féarach buan' talamh a úsáidtear chun féara nó foráiste luibheach eile a fhás.....nach n-áirítear in uainíocht barr an ghabháiltais ar feadh cúig bliana nó níos faide'.* Nuair a dhéantar breithniú ar an bhfaisnéis go léir atá ar fáil, an fhianaise san áireamh maidir leis an úinéir talún roimhe seo, agus an fhaisnéis a sholáthair an Roinn i ndiaidh na héisteachta ó bhéal, ach go háirithe, bhí an tOifigeach Achomhairc

sásta go raibh na trí dháileacht faoi fhéar in 2009 agus bhí sé faoin tuairim, agus aird á tabhairt ar an sainmhíniú a thugtar ar fhéarach buan, gur dhóchúil go raibh na dáileachtaí faoi fhéar in 2007 agus 2008 agus roimhe sin, tríd is tríd. Ceadaíodh an t-achomharc.

Cás 2: An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta 3 (AEOS) – Achomharc Dícheadaithe ag an Oifig Achomhairc Talmhaíochta

D'fhaomh an Roinn conradh le haghaidh iarratais ar Scéim AEOS 1 in 2010 le haghaidh gníomh éigeantach amháin de Chumhdach Éin Fhiáin (WBC) agus roinnt gníomhartha comhlántacha. I ndiaidh cros-seiceáil a dhéanamh, deimhníodh gur dearbhaíodh an cheapach a bhí ainmnithe don WBC bheith mar fhoráiste ar an iarratas ar Scéim Íocaíochta Aonair (SÍA) 2012. I ndiaidh gur tugadh mearchuairt ar an bpáirc in 2013, deimhníodh nár tugadh faoi ghníomh an WBC ar an gcheapach seo. Mar gheall nár comhlíonadh an gníomh éigeantach aonair, measadh nár chomhlíon an t-iarratas Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime, cuireadh deireadh leis an gconradh agus lorgaíodh aisíocaíocht an airgid go léir a íocadh. Lorg an t-achomharcóir athbhreithniú ar an gcinneadh ar bhonn thábhacht stairiúil an limistéir máguaird, lena áiríodh seanreilig, tobar beannaithe, páirc agus seirbhísí éagsúla áineasa atá ar oscailt don phobal. Chomh maith leis sin, mhaígh an t-achomharcóir nach rabhthas feasach nuair a bhí iarratas á dhéanamh ar AEOS nach gceadaítear an dáileacht a roghnaíodh don WBC a threabhadh.

Ag an éisteacht ó bhéal, thug an t-achomharcóir cuntas ar thábhacht stairiúil an limistéir ar roghnaíodh an cheapach don WBC timpeall air, agus mhínigh an t-achomharcóir go ndearnadh clár a chur in airde timpeall ar limistéar a roghnaíodh don WBC. Mhínigh an t-achomharcóir nár cuireadh an t-achomharcóir ar an eolas nach bhféadfaí an dáileacht seo a threabhadh ach ag cruinniú in 2011. Dheimhnigh an t-achomharcóir nach ndearnadh an WBC a chur ó cuireadh tús leis an bplean AEOS. Luaigh an t-achomharcóir nár rith sé leo chun an Roinn a chur ar an eolas nach raibh an WBC curtha, fiú i ndiaidh fiosrúchán a rinneadh ar an nguthán maidir le méid na dáileachta. Mhínigh an t-achomharcóir an bhaint a bhíonn acu le grúpaí áitiúla chun an limistéar stairiúil seo a athchóiriú agus a fheabhsú trí clár LEADER agus a dtiomantas chun an timpeallacht a fheabhsú. Thug an t-achomharcóir cuntas, chomh maith, ar shaincheistean leighis agus go raibh orthu fanacht in ospidéal in 2013.

Rinne an tOifigeach Achomhairc breithniú ar an gcás agus aird ar Rialacháin an AE, Téarmaí agus Coinníollacha a rialaíonn an scéim agus prionsabail an cheartais aiceanta. Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go gceanglaíonn an AEOS an méid a leanas: cé acu 2 ghníomh Éigeantacha nó 1 ghníomh Éigeantach agus 1 ghníomh Comhlántach, sular féidir a mheas go bhfuil iarratas bailí. Maidir leis an ngníomh éigeantach a roghnaíodh, an WBC, luaitear i sonraíocht na scéime 'I ngach bliain de do chonradh, déan meascán barr síolta a chur a sholáthraíonn foinse bia agus cumhdach geimhridh d'éin talamh feirme agus d'fhána eile. Mar rogha air sin, féadfaidh tú meascán dhá bhliain a chur, móide meascán bliain amháin sa tríú bliain a chur. Baineann rithbhacht leis an rogha láithreáin. Ní mór an barr a fhás ar thailte oiriúnach atá in ann an barr a tháirgeadh agus a chothú, i.e. ithir agus gné atá in ann barr arbhair a tháirgeadh. Ná cuir an barr seo ar thailte neamhoiriúnacha, mar gheall go dteipfidh ar a bhunú...' Rinne an tOifigeach

Achomhairc an tuarascáil chigireachta a bhreithniú, inar tugadh cuntas air go raibh an dáileacht i bhféarach buan, go raibh an dáileacht fliuch ó thaobh cineáil de, gur cuimsíodh sa dáileacht mórán luachra agus nach ndearnadh an dáileacht a shaothrú le blianta anuas. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc nach ndearna an t-achomharcóir iarracht chun aon bharr síolta a chur ag aon tráth le linn thréimhse an phlean. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc gur cuireadh an t-achomharcóir ar an eolas in 2011 nach bhféadfaí an dáileacht a threabhadh ach níor cuireadh an tsaincheist seo ar aird na Roinne ag aon tráth sula tugadh fógra pionóis. Aithníodh go raibh an t-achomharcóir comhfhiósach i dtaobh an chomhshaoil de. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc nár chomhlíon an t-achomharcóir an scéim coinníollacha don WBC, agus, mar gheall nár comhlíonadh an gníomh éigeantach seo, níor comhlíonadh riachtanais iontrála na scéime. Rinneadh breithniú ar an bhfianaise leighis, ach deimhníodh, áfach, gur thosaigh an neamhchomhlíonadh in 2011 agus in 2012, sular tháinig na saincheisteanna ar tugadh cuntas orthu chun solais. Dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 3: An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta 3 (AEOS) – Achomharc Ceadaithe ag an Oifig Achomhairc Talmhaíochta

D'fhaomh an Roinn conradh le haghaidh Scéim AEOS 3 in 2013 le haghaidh roinnt gníomhartha, ina measc Umar Uisce a Shuiteáil. Rinne an t-achomharcóir éileamh ar Umar Uisce a sheoladh ar aghaidh le sonrasc a bhí dátaithe amhail Márta 2014. Chuir an Roinn an t-iarratasóir ar an eolas nach raibh an sonrasc incháilithe le haghaidh aisíocaíochta mar gheall go raibh sé in ainm duine eile, seachas in ainm an iarratasóra. Sheol an t-achomharcóir sonrasc eile chuig an Roinn ina n-ainm féin, dar dáta Bealtaine 2014. Luaigh an Roinn go raibh an gníomh suiteála umar uisce neamh-incháilithe faoin Scéim, mar gheall go luaitear in Alt 8.3 de na Téarmaí agus Coinníollacha *ní mór don Díoltóir an fáltas a dhéanamh amach in ainm an iarratasóra*, ach mar gheall go raibh dáta an dara sonrasc i ndiaidh an spriocdháta le haghaidh chríochnú na n-oibreacha, an 31 Márta 2014, chuir an Roinn an t-achomharcóir ar an eolas go raibh an gníomh neamh-incháilithe le haghaidh aisíocaíochta. Thug an Roinn cuntas air go mbainfeadh an pionós leis an gcéad íocaíocht AEOS eile, i gcomhréir le sceideal pionóis (larscríbhinn 4) de Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime.

Mhínigh an t-achomharcóir gur ceannaíodh agus gur suiteáladh umar uisce i Márta 2014 roimh an spriocdháta faoi AEOS 3 agus míníodh gur ceannaíodh an t-umar uisce agus leas á bhaint as cuntas an athar céile, i ndiaidh báis, leis an gComharchumann áitiúil, ar mhaithe le háisiúlacht, agus gur úsáideadh an cuntas seo ó thosaigh an t-achomharcóir i mbun feirmeoireachta. Mhínigh an t-achomharcóir gur sholáthair an Comharchumann an dara fáltas, ach go raibh sé dátaithe ar an lá a d'aistrigh an Comharchumann sonraí an duillín isteach in ainm an achomharcóra, i ngeall ar shrianta a bhí ar chóras ríomhaire an Chomharchumainn, seachas ar dháta cheannach agus shuiteáil an umair uisce.

Cuireadh éisteacht ó bhéal ar siúl agus chuir an t-achomharcóir tuairisc chigire na Roinne i láthair a thug faoi chigireacht ar an bhfeirm ar infheistíochtaí in Aibreán 2014, agus luadh sa tuairisc sin go raibh gach rud in ord. Mhínigh an Roinn go n-áirítear le gníomh cigireacht fhisiciúil agus seiceáil páipéarachais, araon le gníomh. Mhínigh siad nár chomhlíonadh gach sonrasc a seoladh ar aghaidh riachtanais an tSeicliosta do riachtanais na Roinne don scéim agus measadh go raibh an gníomh neamhiomlán. I ndiaidh na héisteachta ó bhéal, rinne an t-achomharcóir Sonrasc Díolacháin

Chreidmheasa a sheoladh ar aghaidh ón gComharchumann áitiúil, dar dáta Márta 2014 anuas ar litir uathu dar dáta Meán Fómhair 2014 inar deimhníodh nach raibh ach cuntas a athar céile, agus an cuntas sin amháin, á úsáid ag an achomharcóir.

Chuir an tOifigeach Achomhairc an fhianaise go léir san áireamh a seoladh ar aghaidh, an chigireacht páirce faoinar tugadh agus an dáta a sannadh uimhir thréada nua an t-achomharcóra. Ghlac an tOifigeach Achomhairc leis, cé gurb ionann an t-ainm a sholáthair an díoltóir agus ainm athair céile an achomharcóra, níorbh fhéidir don Chomharchumann an t-ainm a athrú ar an gcóras ag an tráth sin. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc gurbh é an t-achomharcóir, seachas a athair céile a fuair bás, a cheannaigh an t-umar uisce. Dheimhnigh siad gur léirigh an fhianaise a cuireadh i láthair go ndearna an t-achomharcóir an ceannach laistigh den spriocdháta a leagadh amach. Rinne an tOifigeach Achomhairc an cinneadh gur cheart ceannach an umair uisce a aisíoc agus nár cheart aon phionós i ngeall ar neamhchríochnú an ghnímh a ghearradh. Ceadaiódh an t-achomharc.

Cás 4: Scéim Préimhe agus Deontais Foraoisithe – Achomharc Ceadaithe ag an Oifig Achomhairc Talmhaíochta

Rinneadh iarratas foraoiseachta i dtosach báire in 2008 faoin Scéim um Chosaint na Timpeallachta Foraoiseachta (FEPS) ina raibh limistéar beartaithe cuir suite ar Leithinis in Iarthar na hÉireann. Tugadh cuntas air nach raibh sé suite i limistéar príomhúil scéimhe ach mheas an Roinn gurbh ionann é agus *tírdhreach ardfhóntais eile* é agus tugadh le fios go n-imreodh foraoiseacht tionchar ar limistéar a mbaineann an pobal úsáid choiteann as ar mhaithe le háineas. Dheimhnigh an tuarascáil deimhniúcháin agus an aer-grianghrafadóireacht ar Chóras Foraoiseachta ar líne na Roinne (IFORIS) gurbh ionann an limistéar beartaithe agus talamh thalmhaíochta. Atreoraíodh an t-iarratas chuig tríú páirtithe, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Chomhairle Contae áitiúil agus an Bord Iascaigh Áitiúil ina measc, go ndéanfaí athbhreithniú air. Diúltaíodh an t-iarratas in 2008 gan cigireacht páirce a dhéanamh mar gheall gur measadh gurbh ionann an láithreán agus talamh phortaigh agus go raibh sí neamh-incháilithe, dá bharr faoi rialacha agus coinníollacha Scéim FEPS. Rinneadh an cinneadh a achomharc agus chomhaontaigh an Roinn go ndearnadh áibhéil i leith láithreach na móna ar an láithreán ach dícheadaíodh an t-achomharc ar bhonn breithniúcháin tírdhreacha, airde, nochtadh, gné, ceapach bheag thalamh phortaigh agus gaireacht do bhealach scéimhe náisiúnta.

Rinneadh iarratas ar an láithreán arís eile faoin Scéim Préimhe agus Deontais Foraoisithe in 2010 agus fágadh an cheapach thalamh phortaigh as an áireamh san iarratas agus rinneadh mionathruithe ar speicis. Measadh go raibh an láithreán measartha íogair agus gur theastaigh plean tírdhreacha uaidh ón tSeirbhís Foraoiseachta. I dturas an ama, rinneadh an láithreán a ainmniú go páirteach amhail bheith íogair i dtaobh cúrsaí amhairc de (*Príomha Speisialta*) faoin bPlean Forbartha Contae 2009-2015. Dhiúltaigh an Roinn an t-iarratas in 2010 ar chúiseanna tírdhreacha. Thacaigh Ailtire Tírdhreacha na Roinne leis an gcinneadh seo trí chigireacht deisce.

Rinneadh iarratas ar an láithreán an tríú huair faoin Scéim Préimhe agus Deontais Foraoisithe in 2012. Thug Ailtire Tírdhreacha na Roinne faoi chigireacht páirce, agus thacaigh an tuarascáil seo leis an iarratas a cheadú faoi réir mionathruithe ar speicis. Dhícheadaigh an Roinn an t-iarratas arís eile, áfach, in 2013 de bhua gur dícheadaíodh é roimhe seo ar achomharc.

Cuireadh éisteacht ó bhéal ar bun agus rinne an tOifigeach Achomhairc breithniú ar an bhfianaise go léir a cuireadh i láthair agus rinneadh scrúdú ar Straitéis Tháscach Foraoise na Seirbhíse, *Plean Forbartha Contae (PFC) 2009-2015*, Léarscáileanna Turasóirí, aer-ghrianghrafadóireacht ar Chóras Foraoiseachta na Roinne (IFORIS), agus líon fairsing de ghrianghraif den láithreán agus den limistéar máguaird a bhí ar chaighdeán maith. Ghlac an tOifigeach Achomhairc leis go raibh an tírdhreach fogair i dtaobh cúrsaí amhairc de agus go raibh cuid den láithreán ainmnithe mar láithreán *Príomha Speisialta* in PFC 2009-2015 agus go raibh sé marcáilte mar bhealach turasóirí, ach níor cuireadh an tírdhreach i láthair amhail bheith uathúil agus tugadh faoi deara, chomh maith, go raibh fáschoillte eile feadh an bhealaigh seo agus go n-imríonn a dtionchar tírdhreacha tionchar íosta. Níor aimsigh an tOifigeach Achomhairc aon fhianaise lena thabhairt le fios go sárófaí *Treoirlínte Tírdhreacha na Roinne* trí fhoraoisiú beartaithe an láithreáin agus ghlac an Roinn, chomh maith, le Tuarascáil Shaineolach Ailtire Tírdhreacha na Roinne a thacaigh le faomhadh foraoisithe ar an láithreán. Ghlac an tOifigeach Achomhairc le tuairim Shainchomhairleoir Foraoiseachta an achomharcóra gur beag difríocht atá idir nochtadh, cobhsaíocht agus, mar thoradh air sin, baol roimh ghaothstoitheadh sa láithreán seo atá i láithreáin eile in Iarthar na hÉireann agus go raibh bearta um laghdú riosca faoi smacht an úinéara. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc, chomh maith leis sin, nach dóchúil go mbeidh tionchar amhairc na n-oibríochtaí foraoiseachta suntasach i ngeall ar mhéid sách beag na fáschoille a bheartaítear agus gur dóchúil go mbeidh siad gearrthéarmach i dtaobh faid de. Ceadaíodh an t-achomharc.

Cás 5: An Clár Sonraí Mairteola – Achomharc Dícheadaithe ag an Oifig Achomhairc Talmhaíochta

Cuireadh achomharcóir ar an eolas i Meitheamh 2014 gurbh ionann an glanmhéid a bhí iníoctha faoi Chlár Sonraí Mairteola (CSM) 2013 agus nialas. Ceanglaíodh i dTéarmaí agus Coinníollacha an CSM nach mór na sonraí forordaithe faoi Ghealltanais 1 agus 2 a chomhlánú i measc gach bó dhiúil agus a laonna a bheirtear díobh sa tréad. D'eisigh an ICBF na foirmeacha cuí suirbhé a bhain leis an dá Ghealltanais don iarratasóir i nDeireadh Fómhair 2013 agus i Márta 2014 lena gcomhlánú, agus ba é an 31 Bealtaine 2014 an spriocdháta chun glacadh leis na foirmeacha. Fuair an ICBF foirmeacha Gealltanais an achomharcóra ag deireadh Lúnasa 2014, a bhí lasmuigh den amfhráma riachtanach.

Sheol an t-achomharcóir litir chuig an ICBF i Lúnasa 2014 inar cuireadh na sonraí comhlánaithe don bhliain 2013 faoi iamh. Luaigh an t-achomharcóir nach bhfuarthas Bileoga Ionchuir an Chláir Shonraí Mairteola i ngeall ar sheachadadh poist mícheart a rinne An Post. Níor cuireadh an t-achomharcóir ar an eolas air seo in Iúil 2014 nuair a fuarthas an litir ón RTBM a dheimhnigh

neamhíocaíocht. Seoladh litir ó An Post inar luadh *‘Cé nach féidir linn a rá go cinnte dearfa cad a tharla don litir seo, ní féidir linn an fhéidearthacht a chur as an áireamh go ndearnadh é a sheachadadh go mícheart chuig seoladh sa cheantar seo ar a raibh ainm a bhí cosúil leis’*. Dheimhnigh an Roinn go bhfuair an t-iaratasóir comhfhreagras eile a sheol an Roinn amach le haghaidh SÍA 2013 agus 2014 agus gur seoladh an duillín pá don CSM chuig seoladh an achomharcóra i Meitheamh 2014 gan aon saincheist. Bhí sé ina chonclúid ag an Roinn go raibh sé indéanta a thabhairt le fios go ndearnadh na foirmeacha siúd a sheachadadh faoi mar ba chúí agus gur cheart seasamh leis an gcinneadh maidir le neamhíocaíocht. Ag an éisteacht ó bhéal, míníodh gur cláraíodh roinnt ainmnithe leis an achomharcóir faoi Chlár Sonraí Mairteola 2013 ach níor comhlíonadh riachtanas íocaíochta na scéime go gcríochnófaí Gealltanas 2 i measc ar a laghad 75% de na ba agus de na laonna. Ba í tuairim na Roinne nárbh leor an litir ó An Post i dtaobh fianaise de, agus go bhfuarthas agus gur seoladh ar ais gach foirm eile a seoladh chuig an seoladh seo. Thug an t-achomharcóir cuntas ar a gcuntas agus rinneadh tagairt do shaincheisteanna áitiúla poist, chomh maith. Mhínigh an Roinn go seolann an ICBF foirmeacha amach, agus mura seoltar an chéad fhoirm ar ais, nó mura ndéantar í ach a chomhlánú go páirteach, seoltar amach an dara foirm. Dúirt an Roinn gur seoladh foirmeacha i nDeireadh Fómhair 2013 agus i Márta 2014. Mhaígh an t-achomharcóir gurbh iad na litreacha seo an t-aon litreacha a cailleadh le tréimhse 5 nó 6 bliana anuas.

Rinne an tOifigeach Achomhairc breithniú ar Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime, reachtaíocht ábhartha an AE agus ar chúinsí a bhaineann go sonrach leis an scéim seo. Tháinig an tAchomharcóir faoi Alt 13, ‘Freagracht an Achomharcóra’, ar an méid a leanas: *‘Tá an t-achomharcóir freagrach as cur amach a bheith aige/aici féin ar Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime, gach foirm chomhlánaithe a sheoladh ar ais laistigh den amfhráma riachtanach, agus a bheith feasach ar na hiarmhairtí a bhaineann leis an Scéim a shárú’*. Chuir an tOifigeach Achomhairc san áireamh an chaoi gur seoladh léarscáileanna agus foirm iarratais réamhchlóite de chuid na Scéime íocaíochta Aonair (SÍA) chuig an achomharcóir i rith Mhárta 2014 agus fuarthas an dá rud, faoi mar a thugann foirm shínithe SÍA a fuair an Roinn an 14 Bealtaine 2015. Ba iad foirmeacha CSM a seoladh i Márta 2014 agus i nDeireadh Fómhair 2013 ar maíodh nach bhfuarthas iad. Rinne an tOifigeach Achomhairc breithniú ar an bhfianaise go léir a seoladh ar aghaidh ach deimhníodh go raibh freagracht ar an achomharcóir a bheith feasach ar na hamfhrámaí ar cheart sonraí a sheoladh ar ais laistigh díobh. Dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 6: Riachtanas Reachtuil Bainistíochta (RRB) 4 Traschomhlíonadh – Achomharc Dícheadaithe ag an Oifig Achomhairc Talmhaíochta

Thug oifigigh na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi chigireacht i Márta 2015, thar ceann na Roinne Comhshaoil chun comhlíonadh Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint), 2014 (Rialacháin Níotráite I.R. 31 de 2014) a chinneadh, arb ionann é agus Riachtanas Reachtuil Bainistíochta (RRB) 4 a bhaineann le Traschomhlíonadh.

Tugadh faoi chigireacht in 2012 agus gearradh pionós 3% ar RRB Níotráit 4 a gearradh ag an tráth sin. Ag cigireacht 2012, tugadh chun solais aoileach clós feirme a bhí á stóráil i bpáirc. I ndiaidh na cigireachta, tógadh carn aoiligh chlós feirme chun breis pionóis a sheachaint. Tugadh faoi

chigireacht eile i Márta 2015 a tháinig ar 'Fianaise i leith bailiú neamhleor aoileach beostoic, leasachán eile agus uisce truailithe'. D'aimsigh na cigirí, go sonrach, bailiú neamhleor uisce thruailithe ón gcarn aoiligh, bleánlann agus ón limistéar tionóil, a raibh scaoileadh indíreach chuig screamhuisce mar thoradh air. Dheimhnigh cigireacht 2015 nach raibh an carn aoiligh leordhóthanach agus tugadh saincheist chun solais, chomh maith, i dtaca le níos chomh maith an umair bhainne sa déirí. Is éard a d'eascair as seo ná ath-smachtbhanna 9% a chur i bhfeidhm, mar gheall gur cuireadh pionós 3% i bhfeidhm laistigh den tréimhse 3 bliana féilire.

Ag an eisteacht ó bhéal, dúirt comhairleoir an achomharcóra go bhfuil seid nua lataí ag an achomharcóir agus go bhfuil carn aoiligh nua socraithe ag an achomharcóir. Leag an t-achomharcóir béim air go rabhthas tiomanta don charn aoiligh nua a thréigean agus go ndéanfaí an t-aoileach go léir a scaipeadh go díreach ar an bpáirc laistigh den tréimhse a cheadaítear. Dúirt an t-achomharcóir gur thug sé aghaidh ar na saincheistean go léir a cheartú, agus thug sé roinnt gníomhartha chun críche i mBealtaine 2015, ina measc an carn aoiligh a ghlanadh amach agus é a bhaint d'úsáid, caidéal a shuiteáil sna humair sa teach lataí agus a chinntiú go bhfuil fuoilluisce déiríochta ag sreabhadh isteach in aonad an tí lataí.

Thug comhairleoir Teagasc an achomharcóra cuntas air go ndearnadh comhaontú ar phlean forbartha feirme agus plean athstruchtúraithe clós feirme don fheirm roinnt blianta beaga siar, ach i ngeall ar aimsir fhuar nó fhliuch agus torthaí ísle/ardchostais ón bhfeirmeoireacht, cuireadh moill ar chur i bhfeidhm na bpleananna seo go dtí 2013/2014. Ó chigireacht 2012, áfach, thug an feirmeoir faoi obair shuntasach, áfach, ar an gclós feirme ar chostas mór, agus rinneadh tithíocht faoi dhíon, áiseanna stórála sciadair agus athstruchtúrú ar áiseanna iompair dramhaíola a chur leis an bhfeirm.

Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur thug an t-achomharcóir faoin obair chun na fadhbanna a chur ina gceart a aimsíodh ar lá na cigireachta, ach thug sé faoi deara, áfach, gur deimhníodh go raibh na rialacháin Níotráite á sárú i rith na cigireachta. Bhí an tOifigeach Achomhairc báuil i leith na ndeacrachtaí, na n-áiseanna reatha a bhí á soláthar agus na n-iarrachtaí a bhí á ndéanamh ag an achomharcóir chun an cás a chur ina cheart. Dheimhnigh an tOifigeach Achomharc, áfach, go raibh an leibhéal laghdaithe/pionóis a cuireadh i bhfeidhm i gceart, ar aon dul le Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime agus gur chomhlíon sé Rialacháin an AE. Dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 7: Riachtanas Reachtúil Bainistíochta (RRB) 5 Traschomhlíonadh – Achomharc Ceadaithe go Páirteach ag an Oifig Achomhairc Talmhaíochta

Thug an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (an SPNF) faoi chigireacht ar fheirm an achomharcóra agus thug an Roinn fógra don achomharcóir in Aibreán 2014 go raibh pionós 20% á chur i bhfeidhm ar íocaíochtaí 2013 faoin Scéim Íocaíochta Aonair (SÍA) agus/nó Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste (LM), REPS agus AEOS, sa chás gurb infheidhme. Gearradh an smachtbhanna intinne 20% maidir le neamh-chomhlíonadh a deimhníodh maidir le Riachtanas Reachtúil Bainistíochta (RRB) 5 Caomhnú Gnáthóg Nádúrtha agus Flóra agus Fána Fhiáin. Dheimhnigh an chigireacht go ndearnadh coillearnach agus scrobarnach i Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (LCS) agus gur tugadh faoi roinnt draenála ar an láithreán.

Ag an éisteacht ó Bhéal, mhínigh an Roinn gur thug cigireacht an SPNF le fios gur tugadh faoi oibreacha gan toiliú, go ndearnadh talamh a mhíntíriú agus go ndearnadh draenacha a dhoimhniú, agus measadh gurbh ionann seo agus milleadh an LCS. Dheimhnigh an Roinn go raibh páirt á glacadh ag an achomharcóir in REPS 4 agus sheiceáil sí léarscáileanna REPS chun tagairt a dhéanamh do láithreán an LCS agus do limistéir cheadaithe. Bhí an Roinn faoin tuairim go raibh an t-achomharcóir go hiomlán feasach gur limistéar LCS a bhí ann agus sainathnódh é mar láithreán ainmnithe ar a bpleananna REPS, athainmníodh an láithreán in 2005 agus chuir an SPNF an t-achomharcóir ar an eolas air seo i Nollaig 2005. Luaigh an Roinn gur thug an t-achomharcóir faoi na hoibreacha ar an talamh gan aon toiliú a bheith faighte ón SPNF. Luaigh an t-achomharcóir go raibh an t-achar talún inar thit obair amach i bhfad níos lú ná sin a luaigh an SPNF agus cheistigh sé an sainmhíniú a thugtar ar intinn sna rialacháin. Mhínigh an t-achomharcóir, chomh maith, go raibh cúinsí maolaithe i gceist, chomh maith, i ngeall ar an drochaimsir ag an tráth sin, ba bhliain an-fhliuch 2012/2013 agus bhíothas buartha faoi phasáil. Mhínigh an t-achomharcóir nach raibh sé de rún aige an talamh a mhíntíriú ach go raibh uisce ag sreabhadh gach áit agus go raibh air é a bhaint den pháirc chun cosc a chur ar dhíobháil a dhéanamh don pháirc. Dúirt ionadaí an achomharcóra nár baineadh scrobarnach i rith an tséasúir neadaithe éin idir an 1 Márta agus an 31 Lúnasa. Luaigh an t-achomharcóir, chomh maith, nach raibh siad feasach air gur ainmníodh an talamh seo mar LCS.

Nuair a bhí breithniú á dhéanamh ar an gcás, thug an tOifigeach Achomhairc aird ar na Téarmaí agus Coinníollacha, reachtaíocht ábhartha an AE agus ar na cúinsí a bhain go sonrach leis an gcás seo. Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur ghlac an dá pháirtí leis gur tugadh faoi roinnt oibre sa LCS. Rinne an tOifigeach Achomhairc breithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 1122/2009, Airteagal 72 ón gCoimisiún a dhéileáil le 'Laghduithe agus eisiaimh a chur i bhfeidhm i gcás neamhchomhlíonadh beartaithe' a luann: *'...sa chás nach ndearna an feirmeoir an neamhchomhlíonadh a cinneadh d'aon turas, is ionann a bheidh an laghdú atá le cur i bhfeidhm ar an méid iomlán dá dtagraítear...mar riail ghinearálta, agus 20% den mhéid iomlán sin. Féadfaidh an ghníomhaireacht íoctha, áfach, ar bhonn an mheasúnaithe a sholáthair an t-údarás inniúil rialaithe sa mhír den tuarascáil rialaithe a bhaineann le measúnú...an cinneadh a dhéanamh chun an céatadán sin a laghdú anuas go dtí 15%, ar a laghad, nó, sa chás gur cuí, chun an céatadán sin a mhéadú aníos go dtí 100%, ar a mhéid, den mhéid iomlán sin'.* Rinne siad breithniú ar Airteagal 71, chomh maith, a dhéileáil le 'larratais ar Laghdaithe i gcás faillí'. Ghlac an tOifigeach Achomhairc le hargóint na Roinne gur cheart go mbeadh an t-achomharcóir ar an eolas go ndearnadh seo ar láithreán LCS, mar gheall go raibh sé sainaitheanta amhlaidh ar a bplean REPS, agus ghlac sé leis nár cheart don achomharcóir tabhairt faoi obair ar an láithreán seo gan faomhadh a fháil roimh ré ón SPNF. Ba dhealraitheach don Oifigeach Achomhairc go raibh an ceart ag an Roinn pionós intinne a ghearradh ar an iarratas. I bhfianaise na gcúinsí maolaithe ar tugadh cuntas orthu ag an éisteacht ó bhéal, áfach, agus i bhfianaise báisteach throm gan fasach ónar eascair tuile, chinn an tOifigeach Achomhairc chun an pionós a gearradh a laghdú anuas ó 20% go dtí 15%. Ceadaíodh an t-achomharc go páirteach.

**Cás 8: An Scéim Íocaíochta Aonair (SÍA) – Iarratas Déanach – Achomharc
Ceadaithe ag an Oifig Achomhairc Talmhaíochta**

Sheol an t-achomharcóir cóip dá iarratas ar an Scéim Íocaíochta Aonair (SÍA) 2014 agus fáltas Mearphoist ar aghaidh chuig an Roinn i nDeireadh Fómhair 2014 i ndiaidh gur cuireadh ar an eolas é nuair a bhí íocaíocht á fiosrú gur áitigh an Roinn nach bhfuarthas an bhunchóip. Luadh i gcinneadh na Roinne gurbh ionann an spriocdháta chun iarratais bhailí ar an SÍA agus an 15 Bealtaine 2014 agus tá dualgas daingean ar an iarratasóir go fóill a chinntiú go ndéantar an t-iarratas a sheoladh ar aghaidh ar an spriocdháta nó roimhe. Dheimhnigh an Roinn go bhfuair sí clúdach iarratais folamh sa phost rianaithe.

I measc na bhforas a bhain leis an achomhairc ná gur chomhlánaigh an t-achomharcóir an t-iarratas i ndiaidh cabhair a fháil ó Teagasc agus gur cuireadh sa phost é ar an mbealach abhaile agus ní fhéadfadh sé a thuiscint conas a d'fhéadfadh an clúdach litreach an Roinn a bhaint amach folamh i ndiaidh gur imigh sé go díreach ó Oifig Teagasc go dtí Oifig an Phoist.

Luaigh taobh na Roinne nach raibh aon cháipéisí sa chlúdach litreach nuair a fuarthas é; is é an nós imeachta atá sa Roinn ná go n-osclaítear clúdaigh litreach ar mhaithe le sonraí a bhailiú agus go ndéantar clúdaigh litreach fholmha a chur i dtaifead ar bhunachar sonraí agus coimeádtar an clúdach litreach féin. Luaigh an Roinn lasmuigh aon force majeure a chur i bhfeidhm na cúinsí a chuimsiú.

Dheimhnigh Comhairleoir Teagasc gur ghnách a chasfaí le cliaint, na foirmeacha a chomhlánú faoi mar a theastaíonn agus go síneofar iad, agus go gcuirfear i gclúdach litreach iad, go séalaítear iad agus go gcuirtear seoladh orthu agus go dtugtar don chliant iad lena gcur sa phost ar an mbealach abhaile. Dúirt Comhairleoir Teagasc go dtugann nótaí an chomhaid le fios gur síníodh an t-iarratas ar SÍA 2014 ina láthair.

Léirigh an fhianaise go bhfuair an Roinn foirm leasaithe ar an SÍA ón achomharcóir an 9 Meitheamh 2014 chun talamh bhreise a chur san áireamh.

Ba é an spriocdháta le haghaidh iarratas ar an Íocaíocht Aonair an 15 Bealtaine 2014. Luaitear i dTearmaí agus Coinníollacha 2014 ag Mír 2, i gcás nach bhfaigheann an Roinn d'iarratas comhlánaithe ar SÍA 2014, a sheolann tú sa phost, beidh ort cruthúnas postais a sholáthar. Is é an t-aon chruthúnas inghlactha postais (a) Fáltas i leith Mearphoist agus (b) fáltas i leith Post Cláraithe.

Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc go raibh an cás seo rialaithe ag Mír 2 de na Téarmaí agus Coinníollacha agus bhí fáltas bailí mearphoist ag an achomharcóir, faoi mar a theastaigh. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc, chomh maith leis sin, go bhfuair an Roinn an fhoirm leasaithe an 9 Meitheamh 2014, a bhí laistigh den tréimhse 25 lá féilire i ndiaidh spriocdháta an 15 Bealtaine chun glacadh le hiarratais dhéanacha ar an SÍA. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc, chomh maith leis sin, go bhfuair an Roinn an fhoirm leasaithe an 9 Meitheamh 2014, a bhí laistigh den tréimhse 25 lá féilire i ndiaidh spriocdháta an 15 Bealtaine chun glacadh le hiarratais dhéanacha ar an SÍA. Ceadaiódh an t-achomharc.

**Cás 9: Na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint –
Maolú Níotráite – Achomharc Ceadaithe ag an Oifig Achomhairc
Talmhaíochta**

Tá dualgas ar fheirmeoirí, d'éagmais Maolú Níotráite, a chinntiú nach sáraíonn an méid iomlán de nítrigin orgánach (N) ó aoileach beostoic a scaiptear ar a dtalamh (é sin san áireamh a scaipeann na hainmhithe iad féin) 170 kg N an heicteár i mbliain féilire. Thug taifid na Roinne le fios gur scaipeadh 192 kg N an heicteár don fheirm seo in 2013. Sháraigh an t-achomharcóir an teorainn 170 kg in 2011 agus in 2012, chomh maith, agus cuireadh 'ath-smachtbhanna' breise i bhfeidhm don bhliain 2013, arbh ionann é agus 45% d'íocaíocht limistéarbhunaithe an AE.

Áiríodh le forais achomhairc an achomharcóra go raibh 40 ha de thalamh ar cíos i ngach ceann de na blianta 2011, 2012 agus 2013, ach níor cuireadh an talamh san áireamh ar a n-iarratas ar SÍA mar gheall nach gcuirfeadh an t-úinéir uimhreacha nó léarscáileanna an LPIS ar fáil. Luaigh an t-achomharcóir go ndearnadh beostoc a aistriú chuig an talamh a bhí ar cíos. Ní raibh an tOifigeach Achomhairc in ann ach scrúdú a dhéanamh ar an gcás don bhliain 2013.

Ag an éisteacht, dheimhnigh an t-achomharcóir go ndeachaigh sé a fhad le hoifig na Roinne chun an cás a mhíniú agus gur tugadh foirm Thaifead 4 dó a rinne sé a chomhlánú agus a chur sa phost. Tharla nach bhfuair an t-achomharcóir creidmheas i ngeall ar an stoc a aistriú a luaitear ar Thaifead 4. Tugadh cruthúnas i leith dhátaí an aistrithe. Dheimhnigh Cigire na Roinne nach raibh na heallaí ar fhoirm Thaifead 4 creidiúnaithe le haghaidh cuspóirí Níotráite, ach go raibh eallaí eile a fógraíodh tríd an gcóras monatóireachta aistrithe creidiúnaithe. Luaigh an t-achomharcóir nach raibh aon eallaí dá chuid féin ag úinéir na feirme ar ar aistríodh na heallaí.

Leagtar freagracht ar iarratasóirí a bheith feasach ar na riachtanais Níotráite. Luaitear in Ionstraim Reachtuil Uimh. 610 de 2010, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Deac-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint), 2010, Alt 20 (1): *"... ní sháróidh an méid aoileach beostoic a scaiptear in aon bhliain amháin ar thalamh ar ghabháltas, anuas air sin a scaipeann an beostoc ar an talamh, méid ina gcuimsítear 170 kg de nítrigin an heicteár"*.

Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc go bhfuair an Roinn foirm Thaifead 4 (*Fógra um Aistriú Sealadach Eallaí nó Caorach – seachas eallaí a aistrítear faoi Shainaithint agus Aistriú Ainmnithe (AIM)*) i Lúnasa 2013 a d'fhógair aistriú 29 eallach. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc, áfach, gur mheas an Roinn go raibh eallaí ar an bhfeirm ar ar aistríodh na heallaí agus mar thoradh air sin, níor glacadh le foirm Thaifead 4. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc, trí scrúdú breise a dhéanamh, nach raibh aon eallaí dá chuid féin ag úinéir na dtailte ar ar aistríodh na 29 eallach, agus mar thoradh air sin, bhí foirm Thaifead 4 inghlactha.

Rinne an tOifigeach Achomhairc an cinneadh gur cheart go bhfaigheadh an t-achomharcóir creidmheas do na heallaí a chuimsítear ar fhoirm Thaifead 4 agus ceadaíodh an t-achomharc. Ba é an toradh a bhí air seo ná laghdú ar nítrigin orgánach ó aoileach beostoic a scaiptear anuas go dtí 148 kg N an heicteár, a chiallaigh nach ndearnadh aon sárú in 2013.

**Cás 10: Na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint –
Níotráit – Achomharc Ceadaithe go Páirteach ag an Oifig Achomhairc
Talmhaíochta**

B'ionann leibhéil nítrigine orgánaí agus 210 kg an heicteár don bhliain 2013 agus sáraíodh an teorainn Níotráite 170 kg an heicteár, agus mar gheall go ndearnadh an dara sárú leanúnach in 2013 laistigh de thrí bliana i ndiaidh a chéile, bhí an t-achomharcóir faoi "ath-smachtbhanna breise" a bhí ina chúis le pionós 81% ar íocaíochtaí 2013.

Áiríodh le forais an achomhairc go ndearna fear céile an achomharcóra, a bhásaigh, bainistiú ar gach saincheist traschomhlíonta a fhad leis an mbliain 2009 agus d'fhostaigh an t-achomharcóir seirbhísí comhairleoir talmhaíochta ó 2014 i leith. Laghdaigh an t-achomharcóir an t-achar ar a ndearnadh feirmeoireacht de bhreis ar 50%, agus níor rith sé leis go dteastódh laghdú ar líonta stoic chun Níotráit a chomhlíonadh.

Bhí feidhm ag na Rialacháin Níotráite – Ionstraim Reachtúil 610 de 2010 agus ag Téarmaí agus Coinníollacha Scéim Íocaíochta Aonair 2013. D'éagmais maolú, bhain teorainn Níotráite 170kg an heicteár leis an ngabháltas in 2013. Maidir leis an achar ar a ndearnadh feirmeoireacht, dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc nach ndearnadh é a athrú ó thráth roimh 2006 i leith. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc gurbh ionann sárú 2012 agus athshárú ar Níotráit, i gcaitheamh 2011 agus 2010, agus go raibh sé ina chúis le pionós 15% bunaithe ar mhéadú faoi thrí ar 9% cúlra ón mbliain 2011 agus rinneadh an toradh (27%) a laghdú anuas go dtí 15%, faoi mar a cheanglaítear sa Rialachán don smachtbhanna uasta faoi fhaillí. Bhain an Roinn smachtbhanna 81% amach don bhliain 2013 tríd an 27% cúlra ón mbliain 2012 a mhéadú faoi thrí ar an mbonn gurbh ionann é agus athshárú breise.

D'áitigh an tOifigeach Achomhairc go luaitear in Airteagal 71(5) de Rialachán an Choimisiúin (CE) 1122/2009, i dtaobh cásanna faillí; ...ní sháróidh an laghdú uasta, ófach, 15% den mhéid iomlán dá dtagraítear in Airteagal 70(8). A luaithe a baineadh an céatadán uasta 15% amach, cuirfidh an ghníomhaireacht íoctha an feirmeoir atá i gceist ar an eolas, má dhearbhaítear an neamhchomhlíonadh céanna arís, go measfar gur ghníomhaigh sé d'aon ghnó laistigh de bhrí Airteagal 72. Sa chás go ndearbhaítear neamhchomhlíonadh breise ina dhiaidh sin, beidh an laghdú céatadánach atá le cur i bhfeidhm seasta trí thoradh an iolraithe roimhe seo a iolrú, sa chás gurb infheidhme, sula gcuirtear an teorainn 15% i bhfeidhm, faoi mar a fhoráiltear san abair dheiridh den dara fomhír, faoi fhachtóir a trí. Luaitear in Alt 92 den bhrollach le Rialacháin an Choimisiúin (CE) 1122/2009 i ndáil le hoibleagáidí traschomhlíonta, ..., ba cheart a fhoráil, ó thráth áirithe ar aghaidh, ba cheart caitheamh le sáruithe leantacha ar an oibleagáid chéanna traschomhlíonta, i ndiaidh rabhadh a thabhairt don fheirmeoir roimhe sin, mar thraschomhlíonadh d'aon ghnó.

B'ionann an smachtbhanna 81%, ar an ábhar sin, agus smachtbhanna leibhéal 'intinne' a cuireadh i bhfeidhm trí athdhéanamh agus d'áitigh an tOifigeach Achomhairc go gceanglaítear in Airteagal 71(5) ar an Roinn chun an t-achomharcóir a chur ar an eolas ag an tráth a ghearrtar an smachtbhanna uasta faillí 15% don bhliain 2012, má dhearbhaítear gur tharla an

neamhchomhlíonadh céanna arís, measfar gur ghníomhaigh an t-achomharcóir 'd'aon ghnó'. Níor léirigh i dtaifid na Roinne aon fhianaise gur cuireadh an t-achomharcóir ar an eolas go measfaí gurb ionann athshárú breise agus sárú d'aon ghnó. Rinne an tOifigeach Achomhairc, d'éagmais an fhógra riachtanaigh maidir le 'intinn' chun an smachtbhanna 81% a laghdú anuas go dtí an teorainn 15% a bhí infheidhme maidir le sáruithe 'faillí', ceadáíodh an t-achomharc go páirteach.